



Polasaí maidir le Táillí

1. Caithfeadh táillí a dhíol roimh ré. Ní féidir breith chruinn a thabhairt ar an ardú a d'fhéadfadh a theacht ar chostais i rith na bliana, mar sin tá sé de cheart ag an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na táillí ata liostáilte anseo mar ní féidir go mbeadh méid an chaiteachais níos mó ná méid an ioncaim.
2. Fanfaidh Coláiste Íde laistigh de scála táillí cónaithe mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais do mheánscoileanna sa chóras saor-oideachais.
3. Beidh scéim Árachais Pearsanta ag gach dalta a chosnóidh €10.00 sa bhliain
4. Gearrfar ús ag ráta 2% sa mhí nó páirt de mhí ar chuntais nach bhfuil díolta in am.
5. Díolfar an táillí clárúcháin do €1,000 mar seo a leanas; €500 a íoc ar ghlacadh le áit sa Choláiste. Beidh €500 le díol i Mí Marta den mbliain sula dtosaíonn an scoláire a cuid scolaíochta i gColáiste Íde. Bainfeadh na táillí seo, €1,000 de na táillí bliantúla. **Ní íocfar ar ais aon chuid dos na táillí clárúcháin.**
6. Aontaíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí na táillí a dhíol ag tús na scoil bhliana. Díoltar leath (50%) den dtáille cónaithe **agus** na táillí breise i Mí Lúnasa, agus an Fuilleach le díol i mí Eanáir.
7. **Má tá sé i gceist dalta a thógaint amach as Coláiste Íde agus an scoil bhliain tosaithe aontaíonn tuismitheoirí agus caomhnóirí fógra trí mhí a thabhairt i scríbhinn nó táillí tríú cuid don mbliain a dhíol ina ionad.**
8. Ní ghlacfaidh an Coláiste Íde freagracht as cailliúint nó díobháil de shealúchas príobháideach d'aon saghas.
10. Tá Deontas Ceantar Iargúlta ar fáil do dhaltaí nach féidir leo freastal ar mheánscoil lán Ghaelach ina gceantar féin. Díolann an Roinn Oideachais an deontas seo le daltaí atá i dteideal a leithéid, i dtrí ghála – Samhain, Feabhra agus Bealtaine. Tá foirmeacha iarratais agus sonraí ar fáil ón bPríomhoide nó ón mBainisteoir.

Ní thugann Coláiste Íde lacáiste faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (i) Aisíoc ar tháillí a bhaineann le daltaí atá as láthair, is cuma cén chúis atá leis, i rith na scoil bhliana.
- (ii) Dúnadh na scoile atá thar smacht An Bhord Bhainistíochta nó Bord na n-Iontaobhaithe.
- (iii) Is dian riail é gan aisíoc a thabhairt ar tháillí do ghníomhaíochtaí breise.
- (iv) Is é dualgas an dalta freastal ar aon ghníomhaíocht go gcláraí.